



PREASEISIÚINT Uimh. 163/23

Lucsamburg, 26 Deireadh Fómhair 2023

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-670/22 | Staatsanwaltschaft Berlin (EncroChat)

Abhcóide Ginearálta Ápeta: Féadfaidh ionchúisitheoir poiblí Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) a eisiúint chun fianaise a bailíodh cheana féin i mBallstát eile a aistriú

Is amhlaidh atá má cheadaítear don ionchúisitheoir poiblí sin, faoin dlí náisiúnta a bhaineann leis, aistriú a ordú i gcás náisiúnta cosúil leis. I gcás dá leithéid, ní féidir leis an údarás a eisíonn OIE measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht bhailiú na fianaise sin sa Bhallstát forghníomhaitheach.

Ba líonra teileachumarsáide criptithe é EncroChat lenar cuireadh anaithnideacht a bhí geall le bheith foirfe ar fáil dá úsáideoirí: ní raibh aon cheamara, micreafón, GPS ná port USB ar an ngléas; d'fhéadadh teachtaireachtaí a bheith scriosta go huathoibríoch, tar éis cód PIN speisialta a úsáid nó tar éis pasfhocal mícheart a iontráil i ndiaidh a chéile, d'fhéadadh úsáideoirí na sonraí go léir ar an ngléas a scriosadh láithreach. Forbraíodh bogearra Traíoch trí chomhoibríocht de chuid na Fraince agus na hÍsiltíre, a suiteáladh ar na gléasanna teirminéal trí nuashonrú ionsamhlaithe. Bhí tionchar ag an idircheapadh sin ar úsáideoirí EncroChat in 122 tír, lena n-áirítear thart ar 4 600 úsáideoir sa Ghearmáin. D'eisigh Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Gearmáine roinnt OIEnna, lenar iarradh na sonraí idircheaptha a úsáid le haghaidh imeachtaí coiriúla, i ndáil leis an amhras faoi gháinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha ag daoine nár sainaithníodh go nuige sin a measadh a bheith mar chuid de ghrúpa coireachta eagraithe. Thug Cúirt Choiriúil sa Fhrainc údarú do OIEnna agus tharchuir sí na sonraí a iarradh. Rinne Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Gearmáine imscrúduithe ansin i ndáil le húsáideoirí aonair EncroChat. Cúisíodh an cúisí sa chás seo bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas ón bhFrainc.

Ar fud na gcúirteanna is airde san Eoraip tá na hagóidí in aghaidh ciontuithe coiriúla a eascraíonn as sonraí idircheaptha ó EncroChat ag fágáil a lorg, agus ní haon eisceacht í an Chúirt Bhreithiúnais ina leith sin. D'iarr Cúirt Réigiúnach na Gearmáine, a bhfuil na himeachtaí coiriúla a eascraíonn as sin ar feitheamh os a comhair, ar an gCúirt Bhreithiúnais ar eisíodh na OIEnna atá i gceist de sháru ar Threoir OIE ¹.

I dTuairim an lae inniu, tugann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ápeta chun cuimhne nach féidir OIE a eisiúint ach amháin má fhéadfaí an beart imscrúdaitheach atá i gceist leis a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás náisiúnta cosúil. Sa chás áirithe seo, is cás náisiúnta cosúil é cás ina n-aistrítear fianaise ó imeachtaí coiriúla amháin go himeachtaí coiriúla eile laistigh den Ghearmáin. Ós rud é go gceadaítear le Treoir OIE ionchúisitheoir poiblí atá inniúil i gcás ar leith OIE a eisiúint agus nach cosúil go gceanglaítear ar chúirt le dlí na Gearmáine aistriú cás náisiúnta cosúil a údarú, tá an tAbhcóide Ginearálta den tuairim **go raibh Ionchúisitheoir Poiblí na Gearmáine i dteideal na OIEnna faoi cheist a eisiúint. Is é sin le rá, ní cheanglaítear le dlí an Aontais gur breitheamh a chaithfidh OIEnna den sórt sin a eisiúint.**

Cinneann an tAbhcóide Ginearálta freisin, toisc gur thug cúirteanna na Fraince údarú chun an teileachumarsáid a idircheapadh, **gur cheart d'údaráis na Gearmáine an luach céanna ar a chur ar an gcéim nós imeachta sin**

agus a chuirfeadh siad uirthi ar bhonn intíre. Is amhlaidh an scéal fiú más rud é i gcás nithiúil go ndéanfaidh cúirt Ghearmánach cinneadh éagsúil.

Ar deireadh, ní ceist de chuid dhlí an Aontais é inghlacthacht fianaise a fhaightear a d'fhéadfadh a bheith mar shárú ar dhlí an Aontais, ach ceist a bhaineann leis an dlí náisiúnta, faoi réir chomhlíonadh na gceart bunúsach a ráthaítear le dlíchóras an Aontais.

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é cúram na nAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt ar na cásanna dá bhfuil siad freagrach, ar bhonn iomlán neamhspleách. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breith ar dháta níos faide anonn.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna agus bhinsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóidí os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní thugann an Chúirt Bhreithiúnais breith ar an díospóid féin. Is faoin gcúirt náisiúnta nó binse atá sé an cás a dhiúscairt i gcomhréir le cinneadh na Cúirte, atá ina cheangal chomh maith ar chúirteanna nó ar bhinsí náisiúnta eile ina n-ardaítear saincheist chosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna de léamh na Tuairime ar fáil ar [“Europe by Satellite”](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Treoir 2014/41/EU](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí coiriúla.